Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

2025

# Ráiteas maidir leis an gcóras bainistíochta cáilíochta



# 1. Réamhrá

Déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (An Oifig) iniúchtaí airgeadais agus feidhmíochta i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta iniúchóireachta de réir mar a chuirtear i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta (EIUI).

Tugadh isteach caighdeán athbhreithnithe ag an EIUI do chórais bhainistíochta cáilíochta de chuid Uasfhoras Iniúchóireachta dar teideal Caighdeáin Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta (CIUI) 140 — *Bainistíocht Cáilíochta le haghaidh UInna* a bhfuil feidhm aige ó Eanáir 2025. Bíonn measúnú bliantúil ar an gcóras bainistíochta cáilíochta ag teastáil faoi CIUI 140 (athbhreithnithe) i gcomhar leis an gconclúid maidir le héifeachtúlacht an chórais sin.

# 2. Freagracht Cheannaireachta agus Cultúr Cáilíochta

Tá Bord Iniúchóireachta na hOifige, ar a bhfuil an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an triúr Stiúrthóirí Iniúchóireachta, freagrach as an straitéis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina iomláine agus as feidhmiú na heagraíochta. Tá ceannairí sinsearacha ar fud na heagraíochta freagrach as cultúr láidir cáilíochta a fhorbairt, as tacú le hiompar eiticiúil, agus as barr feabhais ghairmiúil a chur chun cinn.

Neartaítear an cultúr sin ag an Oifig sna bealaí seo a leanas:

- Cumarsáid shoiléir faoina bhfuiltear ag súil leis i dtaobh na heitice agus na gairmiúlachta de
- Cur chuige eagraíochtúil a shocrú ina dtugtar tús áite don neamhspleáchas, don oibiachtúlacht, agus do leas an phobail
- Smaointe maidir le cáilíocht a dhaingniú i gcinntí straitéiseacha, oibríochtúla agus acmhainne
- Cumarsáid oscailte, sceipteachas gairmiúil, agus feabhas leanúnach a spreagadh ag gach leibhéal den eagraíocht.

Sa chultúr sin tacaítear le ról na hOifige chun bainistiú agus úsáid airgid phoiblí agus acmhainní poiblí a fheabhsú, agus chun cuntasacht phoiblí a neartú.

In 2025, leanadh san Oifig ar bhéim a leagan ar an tábhacht a bhaineann lena *Beartas Labhair Amach* do bhaill foirne chun buarthaí a chur in iúl, lena n-áirítear buarthaí maidir le cáilíocht na hoibre iniúchóireachta airgeadais nó feidhmíochta. Is cuid ríthábhachtach fós de chomhdháil bhliantúil foirne na hOifige í tábhacht cháilíocht na hiniúchóireachta airgeadais agus feidhmíochta.

## 3. Cuspóirí maidir le Cáilíocht agus an Cur Chuige Bunaithe ar Riosca

Léirítear i gcóras bainistíochta cáilíochta na hOifige an tsamhail atá bunaithe ar riosca a shamhlaítear in CIUI 140. Tá cuspóirí maidir le cáilíocht curtha ar bun ag an Oifig sna príomhghnéithe seo a leanas: an rialachas agus an cheannaireacht, an eitic, feidhmíocht na hoibre iniúchóireachta agus acmhainní a chur ar fáil.

Sainaithníodh rioscaí a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar na cuspóirí sin agus rinneadh measúnú orthu le béim ar leith ar na nithe seo a leanas:

- An chaoi a bhforbraíonn cláir an rialtais, caiteachas poiblí, an reachtaíocht agus athchóirithe na hearnála poiblí
- Athrú teicneolaíochta lena n-imrítear tionchar ar sholáthar agus iniúchóireacht seirbhíse poiblí
- Brúnna a bhaineann le líon foirne, acmhainneacht, agus saineolas na hOifige.

Maidir le gach riosca aitheanta, chuireamar freagraí spriocdhírithe i bhfeidhm ar dearadh iad chun an dóchúlacht easnamh cáilíochta a laghdú agus chun tacú le soláthar leanúnach iniúchtaí ardchaighdeáin.

## 4. Riachtanais Eitice agus Neamhspleáchas

Cuirtear riachtanais eitice i bhfeidhm ag an Oifig a bhfuil bonn acu sna prionsabail dá dtagraítear in CIUI 130 — *Cód Eitice* agus lena neartaítear in CIUI 140. Tá na riachtanais sin mar bhonn faoinár bhfreagracht chun feidhmiú go neamhspleách, go neamhchlaonta, agus ar mhaithe le leas an phobail.

Chun comhlíonadh a chinntiú, coimeádann an Oifig

- Dearbhuithe bliantúla agus dearbhuithe atá dírithe ar obair ar leith a bhaineann le neamhspleáchas foirne
- Próisis chun bagairtí ar neamhspleáchas a shainaithint, a mheasúnú agus a mhaolú
- Sásraí tuairiscithe faoi rún le haghaidh buarthaí eitice nó sáruithe.

Leis na bearta sin, tacaítear le creidiúnacht ár n-oibre agus cosnaítear neamhspleáchas na hOifige.

Chuathas i ngleic go cuí leis na bagairtí eitice go léir le linn na bliana.

## 5. Acmhainní Daonna, Teicneolaíochta agus Eagraíochta

Tá an córas bainistíochta cáilíochta deartha lena chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha agus cuí ag an Oifig chun a cuspóirí maidir le cáilíocht a chomhlíonadh. Áirítear leis sin

- Cuntasóirí gairmiúla a earcú agus a oiliúint agus a saineolas maidir le hiniúchóireacht airgeadais agus feidhmíochta a fhorbairt
- Modheolaíochtaí iniúchóireachta agus feidhmíochta a athbhreithniú agus lámhleabhair theicniúla cothrom le dáta a choimeád
- Forbairt ghairmiúil leanúnach láidir a chur ar fáil, lena n-áirítear oiliúint maidir le hathruithe ar chaighdeáin chuntasaíochta agus iniúchóireachta ghairmiúla, teicneolaíochtaí nua, agus feasacht ar rioscaí atá ag teacht chun cinn
- Ardáin teicneolaíochta shábháilte agus éifeachtúla a chur i bhfeidhm lena dtacaítear le hobair iniúchóireachta, le doiciméadú agus le hanailís sonraí
- Struchtúr eagraíochtúil a choimeád lena dtacaítear le maoirseacht, le hathbhreithniú, agus le comhroinnt eolais éifeachtúil.

In 2025, rinneadh athbhreithniú ag an Oifig ar na rioscaí móra do cháilíocht lena n-áirítear na rioscaí ó shrianta maidir le hacmhainneacht foirne. Cé go raibh an ráta athraithe foirne ard le linn na bliana, líonadh folúntais ar bhonn tráthúil trí phróisis earcaithe agus ardaithe céime iomaíocha.

Le linn na bliana, glacadh páirt ag an Oifig sa tionscadal agus tugadh tacaíocht chomh maith chun caighdeáin chuntasaíochta in earnáil an rialtais láir a nuachóiriú.

Leanadh le haird a tharraingt le comhlachtaí ar a rinneadh iniúchóireacht maidir le bagairtí cibearshlándála agus maidir leis an tábhacht a bhaineann le cumarsáid thráthúil leis an Oifig maidir le teagmhas ar bith.

## 6. Feidhmíocht na hOibre

Dearadh beartais agus nósanna imeachta na hOifige lena chinntiú go bpleanáiltear, go ndéantar, agus go dtuairiscítear gach iniúchadh airgeadais agus feidhmíochta i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta iniúchóireachta.

Áirítear leis sin riachtanais maidir le

- Pleanáil chuimsitheach agus measúnú riosca atá curtha in oiriúint do gach iniúchadh agus lena leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann leis an sceipteachas gairmiúil
- Dearadh cuir chuige iniúchóireachta cuí chun dul i ngleic le rioscaí a shainaithníodh
- Treoir, maoirseacht, agus athbhreithniú cuí ag gach leibhéal de gach iniúchadh
- Athbhreithniú ar cháilíocht na hoibre i dtaca le hobair ardriosca nó obair atá suntasach go straitéiseach
- Tuairisciú soiléir atá bunaithe ar fhianaise a léiríonn torthaí go cruinn agus go trédhearcach.

## 7. Monatóireacht, Measúnú agus Feabhsúchán

Bíonn clár monatóireachta inmheánaí struchtúrtha i bhfeidhm san Oifig a dearadh chun éifeachtúlacht an chórais bainistíochta cáilíochta a mheasúnú. Áirítear leis sin gníomhartha monatóireachta leanúnacha agus athbhreithniú cáilíochta ar iniúchtaí críochnaithe araon lena chinneadh má tá aon easnamh ann ag leibhéal an iniúchta nó ag leibhéal an chórais.

Déantar measúnú ar aon easnamh a shainaithnítear chun cé chomh dian agus forleathan atá siad agus an phríomhchúis leo a chinneadh. Cuirtear bearta i bhfeidhm chun dul i ngleic le heasnaimh agus d’fhéadfadh uasdátú maidir le treoir, oiliúint bhreise, feabhsuithe ar phróisis, nó feabhas ar cháipéisíocht chaighdeánach a bheith san áireamh.

Tuairiscítear torthaí gníomhartha monatóireachta don cheannaireacht shinsearach agus tugtar iad isteach sa chinnteoireacht straitéiseach, lena gcinntítear go ndéanann ceachtanna a foghlaimíodh eolas d’fheabhsúchán leanúnach ar fud na heagraíochta.

Cuirtear in iúl do bhaill foirne na saincheisteanna a thagann chun cinn de bharr chlár monatóireachta na cáilíochta. In 2025, ghlac baill foirne ag comhdháil bhliantúil na hOifige páirt i gceardlanna maidir le measúnú riosca iniúchóireachta faoi théamaí teicniúla atá ag teacht chun cinn. Ba chuspóir chun feabhais é fós an tábhacht a bhaineann le sceipteachas gairmiúil agus le cáipéisíocht ardchaighdeáin iniúchóireachta.

## 8. Conclúid agus Ráiteas maidir le hÉifeachtúlacht

Bunaithe ar m’athbhreithniú ar an gcóras bainistíochta cáilíochta don bhliain 2025, lena n-áirítear torthaí na monatóireachta inmheánaí agus na ngníomhartha measúnaithe ar tugadh fúthu le linn na tréimhse sin, measaim go bhfuil córas na hOifige deartha, curtha i bhfeidhm agus ag feidhmiú go héifeachtúil, i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach in CIUI 140.

Bíonn an córas ag forbairt agus ag tabhairt aghaidh ar athruithe san earnáil phoiblí agus i réimse na hiniúchóireachta. Tá an Oifig fós tiomanta go buan do na caighdeáin is airde cáilíochta a choinneáil, dár neamhspleáchas a chaomhnú, agus do fhreagracht a neartú i dtaobh acmhainní poiblí a úsáid.



Colette Drinan

Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchta

28 Aibreán 2026